# Achoimre ar na Treoirlínte Oideolaíochta

In acmhainn na dTreoirlínte Oideolaíochta, pléimid Prionsabail Oideachais CHARM-EU, ina ndéantar cur síos ar chleachtais teagaisc agus foghlama ar ardleibhéal, le béim ar an teoiric, ar shainmhínithe, ar bhuntáistí agus ar dhúshláin.

**An Fhoghlaim trí Dhúshláin a Réiteach (CBL)**

Le CBL, dírítear ar an bhfoghlaim trí dhúshláin an fhíorshaoil a réiteach. Bíonn lámh ag mic léinn agus ag geallsealbhóirí ildisciplíneacha i gcomhfhorbairt agus imscrudú dúshlán, agus i ngníomhú de réir na ndúshlán sin. Tá na gnéithe seo a leanas ina bpríomhghnéithe de chuid CBL: téamaí domhanda, dúshláin an fhíorshaoil, comhoibriú, an teicneolaíocht, solúbthacht, ildhisciplíneachas, nuálaíocht agus cruthaitheacht, agus dúshlán sainithe.

**Oideachas atá á threorú ag taighde agus bunaithe ar thaighde**

San oideachas atá **á threorú ag taighde,** déantar torthaí ábhartha taighde ón bhfoireann teagaisc a chomhtháthú in ábhar an churaclaim. San oideachas atá **bunaithe ar thaighde,** téann mic léinn oideachais i mbun taighde iad féin. Bíodh is go mbíonn ról an ‘lucht spéise’ ag mic léinn laistigh den oideachas atá á threorú ag taighde, bíonn ról gníomhach acu san oideachas atá bunaithe ar thaighde.

**Inbhuanaitheacht san oideachas**

Cuireann na 3 téarma seo a leanas síos ar na tuiscintí ar an oideachas sa spás seo: oideachas don fhorbairt inbhuanaithe (ESD), oideachas don inbhuanaitheacht (ES), agus foghlaim na hinbhuanaitheachta (SL)

- Tá sé d’aidhm againn le ESD inniúlachtaí, saineolas, luachanna agus dearcthaí a chothú lena gcuirtear ar chumas na ndaoine cur le todhchaí inbhuanaithe.
- In ES, luaitear nach mór don oideachas don fhorbairt inbhuanaithe a bheith go hiomlán claochlaitheach agus claochlaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an 21ú haois.
- Cuimsítear ESD agus ES le SL, le gach cineál foghlaimeora san áireamh.

**An fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta**

Áirítear leis an bhfoghlaim le cuidiú teicneolaíochta feabhsú na foghlama agus an teagaisc san ardoideachas trí leas a bhaint as an teicneolaíocht. Mar shampla, anailísíocht foghlama, físeáin, ardáin dhigiteacha, réaltacht fhíorúil agus mheascaithe, ionsamhluithe, agus feidhmchluichí.

**Foghlaim agus Teagasc dírithe ar Mhic Léinn (SCLT)**

Le SCLT, glacann mic léinn páirt ina gconairí agus timpeallachtaí foghlama, imríonn siad tionchar orthu agus glacann siad freagracht astu. Is é an cuspóir deiridh ná torthaí foghlama níos doimhne agus níos fiúntaí a bhaint amach. Is oiliúnóir seachas léachtóir é an teagascóir, ag aistriú ón méid a theagascann teagascóirí, chuig an méid a fhoghlaimíonn foghlaimeoirí.

**An fhoghlaim chomhthéacsaithe**

Is éard atá i gceist leis an bhfoghlaim chomhthéacsaithe ná foghlaim trí chaidreamh sóisialta trí páirt a ghlacadh i gcomhphobail (e.g. obair, teaghlach, club spóirt). Is cuid de ghníomhaíochtaí laethúla í, sách neamhbheartaithe agus braitheann sí ar na deiseanna foghlama atá ar fáil sa chomhphobal.

**Inniúlacht traschuraclaim**

Is inniúlachtaí neamhshonracha de chéim iad scileanna traschuraclaim. Tá siad riachtanach ó thaobh forbairt iomlán duine, gairmí agus saoránaigh de. Ní gnách d’inniúlachtaí traschuraclaim a bheith bainteach go sonrach le post, le tasc, le disciplín acadúil nó le réimse eolais e.g. an smaointeoireacht chriticiúil agus nuálach, scileanna idirphearsanta, scileanna inphearsanta, saoránacht dhomhanda, agus inniúlacht ar na meáin agus ar eolas.

**Idirdhisciplíneachas san oideachas**

Ní thosaíonn an t-idirdhisciplíneachas le disciplíní agus t-idirghníomhú eatarthu, ach tosaíonn sé le fadhb nó le dúshlán a shainaithnítear go comhoibríoch ag geallsealbhóirí ó réimse an oideachais, ó réimse an taighde agus geallsealbhóirí eile (e.g. fiontar sóisialta agus traidisiúnta, an rialtas nó pobail). Leis seo, múintear do mhic léinn an bealach chun an t-eolas a chomhthéascú agus an

bealach le tús áite a thabhairt d'úsáid spásanna eolais seachas do dhisciplíní.

**An Fhoghlaim Thrasnáisiúnta agus Idirchultúrtha (TIL)**

Tagraíonn TIL don teagasc agus don fhoghlaim i gcomhthéacs an idirnáisiúnachais, sa bhaile agus thar lear araon. Tagraíonn "Trasnáisúnach" do ghluaiseachtaí thar teorainneacha agus tagraíonn "idirchultúrtha" don tuiscint chultúrtha agus a bheith ag idirghníomhú le daoine ó chultúir eile.

**Oideachas cuimsitheach**

Is éard is cuimsitheacht ann ná athrú sa chultúr eagraíochta ina mbraitheann grúpaí nó daoine difriúla le cúlraí difriúla, le cúinsí éagsúla agus lena dtaithí saoil féin braistint muintearais, go bhfuil meas orthu, go nglactar leo sa sochaí, go bhfuil fáilte rompu agus go gcaitear leo gan idirdhealú. Ba cheart é seo a chomhtháthú i ndearadh, seachadadh agus meastóireacht na gclár, na gcúrsaí agus na modúl.